

Fógra Nuachtáin

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) CUID 8

Iarratasóir: Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath – An Roinn Tithíochta.

Suíomh: Cúirt Chaisleán na Croma, Seanchlós an Ghuail, An Choill Mhór, Baile Átha Cliath 5.

Moladh: De bhun cheanglais an mhéid thuas, tugtar fógra leis seo maidir le hathfhorbairt a dhéanamh ar láithreáin Chúirt Chaisleán na Croma agus Seanchlós an Ghuail atá teoranta ag Páirc Chaisleán na Croma, Bóthar na Coille Móire agus Bóthar Chill Bharrainn, Baile Átha Cliath 5. Tá an láithreán scoilte ag Bóthar na Cille Móire. Cuimsíonn an láithreán 1.68 ha atá ann faoi láthair 3 bhloc árasán ceithre stór a sholáthraíonn 48 teach agus iosta leasa ar Chúirt Chaisleán na Croma. Tá na hoibreacha atá beartaithe cóngarach do Struchtúr Cosanta, Teach Woodville RPS 4259.

Cuimsíonn an fhorbairt bheartaithe, a bheidh á bainistiú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, na nithe seo a leanas:

- Scartáil na bhfoirgneamh atá ann cheana féin ar láithreán Chúirt Chaisleán na Croma.
- 152 teach a sholáthar (90 uimh. Árasáin 1 sheomra leapa, 47 uimh. Árasáin 2 sheomra leapa, 15 uimh. Árasáin dhá leibhéal le 3 sheomra leapa).
- Saoráid phobail a sholáthar.
- Tógáil 6 bhloc árasán ar Láithreán Chúirt Chaisleán na Croma.
- Tógáil 1 bhloc árasán ar Láithreán Sheanchlós an Ghuail.
- Airde tógála ag dul ó cheithre go sé stór.
- Fostáisiún nua BSL a thógáil.
- Spásanna oscailte poiblí agus príobháideacha a sholáthar.
- Soláthar na n-oibreacha forbartha láithreáin ghaolmhara go léir, tírdhreachú crua agus bog, cóireálacha teorann, páirceáil gluaisteán agus rothair, struchtúir choimhdeacha agus oibreacha bonneagair láithreáin ghaolmhara, athbhreithniú ar rochtain, cosáin, agus gach obair chumasúcháin riachtanach eile, oibreacha glantacháin láithreáin, bóithre agus seirbhísí.

Rinneadh Scagadh Measúnaithe Cuí ar an togra i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE), agus rinneadh scagadh le haghaidh Measúnú Tionchair Timpeallachta faoi Threoir EIA 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.

I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus ba é a chonclúid::

- (a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar nó i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán/láithreáin Eorpacha, agus dá bhrí sin níl gá le Measúnú Cuí Céim 2 a dhéanamh.
- (b) Níl aon-dóchúlacht dháiríre ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, agus nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe d'aicme den chineál atá leagtha amach faoi Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, arna leasú, agus dá bhrí sin ní gá Tuarascáil Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta (EIAR) a dhéanamh.

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig An Coimisiún Pleanála ar chinneadh scagthástála maidir le cé acu ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Féadfar pleananna agus Sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach ar tháille nach mó ná costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 21/10/2025** le linn uaireanta oscailte poiblí ag oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cuntar Poiblí, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, an Bun-Urlár, Oifigí Cathartha, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Dé Luain - Dé hAoine 9.00am go 4.30pm. Tá na pleananna agus na sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne <https://engage.dublincity.ie/> ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Féadfar aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt bheartaithe, ina bpléitear le pleanáil chúí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina suiteálfaí an réadmhaoin, a chur i scríbhinn chuig an mBainisteoir Feidhmiúcháin, an Roinn Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Na hOifigí Cathartha, an Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4:30pm ar **03/12/2025**.

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt ar líne freisin - <https://engage.dublincity.ie/> - ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 p.m. ar an **03/12/2025**.